2024/2647

4.10.2024

CINNEADH (AE) 2024/2647 Ó IONADAITHE RIALTAIS NA mBALLSTÁT

an 2 Deireadh Fómhair 2024

lena gceaptar Breitheamh den Chúirt Bhreithiúnais

TÁ IONADAITHE RIALTAIS BHALLSTÁIT AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 19 de,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagail 253 agus 255 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagail 5 agus 7 de Phrótacal Uimh. 3 ar Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, agus tar éis do Lars BAY LARSEN éirí as oifig ón 7 Deireadh Fómhair 2024, ba cheart Breitheamh a cheapadh don Chúirt Bhreithiúnais ar feadh a bhfuil fágtha de théarma oifige Lars BAY LARSEN, eadhon go dtí an 6 Deireadh Fómhair 2027. Ainmníodh Niels FENGER don phost sin.

(2) Thug an painéal, a cuireadh ar bun faoi Airteagal 255 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, tuairim fhabhrach uaidh ar oiriúnacht an iarrthóra sin feidhmeanna Breithimh den Chúirt Bhreithiúnais a fheidhmiú,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, ceaptar Niels FENGER ina Bhreitheamh den Chúirt Bhreithiúnais don tréimhse ón 7 Deireadh Fómhair 2024 go dtí an 6 Deireadh Fómhair 2027.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 2 Deireadh Fómhair 2024.

An tUachtarán

ÓDOR B.